2024/2383

9.9.2024

CINNEADH (AE) 2024/2383 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Meán Fómhair 2024

lena n-ainmnítear na Comhordaitheoirí Eorpacha le haghaidh na gConairí Iompair Eorpacha, an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) agus an Spáis Mhuirí Eorpaigh agus lena leagtar síos na socruithe mionsonraithe maidir lena misean agus a gcúraimí a chomhlíonadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Conairí Iompair Eorpacha mar ionstraimí chun cur chun feidhme comhordaithe an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe a éascú, déantar foráil maidir leo i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2024/1679 agus liostaítear iad in Airteagal 11(1) den Rialachán sin.

(2) De bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2024/1679, tá na Comhordaitheoirí Eorpacha ainmnithe chun cur chun feidhme comhordaithe na gConairí Iompair Eorpacha, an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) agus an Spáis Eorpaigh Mhuirí a éascú.

(3) Is ról ríthábhachtach atá ag Comhordaitheoirí Eorpacha i dtaca leis an gcomhar, agus leis an bhforbairt, feadh na gConairí Iompair Eorpacha.

(4) Chun cur chun feidhme na gConairí Iompair Eorpacha a áirithiú, ba cheart do na Comhordaitheoirí Eorpacha, i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann, plé a éascú atá dírithe ar na Conairí a chur i gcrích agus na foinsí maoinithe a shainaithint, bídís príobháideach nó poiblí, le haghaidh tionscadail chasta trasteorann, naisc atá in easnamh agus stráicí scrogaill, chomh maith le saincheisteanna idir-inoibritheachta agus idirmhódúlachta.

(5) Chun cur chun feidhme na dtosaíochtaí cothrománacha a áirithiú, ba cheart do na Comhordaitheoirí Eorpacha le haghaidh ERTMS agus le haghaidh an Spáis Mhuirí Eorpaigh, in idirphlé leis na Ballstáit lena mbaineann, cur chuige comhordaithe a fhorbairt chun tosaíochtaí cothrománacha a fhorbairt agus béim ar leith á leagan ar dhlúth-idirghníomhaíocht leis na Conairí Iompair Eorpacha chomh maith le croíghréasáin agus croíghréasáin bhreisithe.

(6) Chun neamhchlaontacht agus neamhspleáchas an Chomhordaitheora Eorpaigh a áirithiú, níor cheart don Chomhordaitheoir Eorpach a bheith ina náisiúnach de Bhallstát lena mbaineann an Chonair Iompair Eorpach a shanntar dó.

(7) Chun a gcuid cúraimí a fhorbairt, ba cheart liúntas míosúil ar ráta comhréidh a dheonú do na Comhordaitheoirí Eorpacha chun na costais rúnaíochta nach féidir le seirbhísí an Choimisiúin a sheachadadh go díreach a chumhdach agus chun aisíocaíocht a fháil ar chostais mhisin i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

(8) Is iomchuí naoi gComhordaitheoir Eorpacha a ainmniú, duine amháin do gach Conair Iompair Eorpach, duine amháin do ERTMS, duine amháin don Spás Muirí Eorpach, ach amháin do Chonair Mhuir Bhailt – na Mara Duibhe – na Mara Aeigéiche, toisc nár tháinig na Ballstáit ar chomhaontú i gcomhthéacs comhairliúcháin maidir leis an iarrthóir iomchuí agus do Chonair na Réine – na Danóibe, toisc go bhfuair an Comhordaitheoir a bhí beartaithe bás an 25 Iúil 2024. Ba cheart comhordaitheoirí don dá Chonair Iompair Eorpacha sin a ainmniú tráth níos déanaí.

([1]) IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R1679.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2024/1679, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le tríú tíortha, atá mar chuid de na Conairí Iompair Eorpacha agus de na tosaíochtaí cothrománacha, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle. Chuir na Ballstáit lena mbaineann in iúl go n-aontaíonn siad le hainmniú na gComhordaitheoirí Eorpacha, d'eisigh Parlaimint na hEorpa an tuairim dhearfach i mí Aibreáin 2024 agus d'eisigh an Chomhairle í i mí Iúil 2024.

(10) Tá poist na gComhordaitheoirí folamh faoi láthair, agus dá bhrí sin tá sé práinneach iad a cheapadh. Ar an gcúis sin, ba cheart don chinneadh a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ainmnítear na daoine a liostaítear in Iarscríbhinn I mar Chomhordaitheoirí Eorpacha le haghaidh na gConairí Iompair Eorpacha, an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid agus an Spáis Mhuirí Eorpaigh.

Airteagal 2

(1) Tosóidh sainordú na gComhordaitheoirí Eorpacha ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus tiocfaidh deireadh leis 4 bliana tar éis an dáta sin.

(2) Féadfar sainordú na gComhordaitheoirí a athnuachan. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach, tráth ar bith, iarraidh ar an gCoimisiún a shainordú a fhoirceannadh.

Airteagal 3

(1) Leagtar síos in Iarscríbhinn II na socruithe mionsonraithe maidir le misean agus cúraimí na gComhordaitheoirí Eorpacha a chomhlíonadh.

(2) Údarófar an Coimisinéir atá freagrach as iompar litir shainordaithe a thabhairt ar láimh do gach Comhordaitheoir Eorpach a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Ainmniú na gComhordaitheoirí Eorpacha do na Conairí Iompair Eorpacha, don ERTMS agus don Spás Muirí Eorpach

An Mhuir Thuaidh - Muir Bhailt	Catherine TRAUTMANN (FR)
Críoch Lochlann - Meánmhuir	Pat COX (IE)
An tAtlantach	Carlo SECCHI (IT)
An Mhuir Thuaidh - an Réin - an Mheánmhuir	Paweł WOJCIECHOWSKI (PL)
An Mheánmhuir	Mathieu GROSCH (BE)
Muir Bhailt - Muir Aidriad	Anne Elisabet JENSEN (DK)
Na Balcáin Thiar - an Mheánmhuir Thoir	Marian-Jean MARINESCU (RO)
ERTMS	Matthias RUETE (DE)
An Spás Muirí Eorpach	Gesine MEISSNER (DE)

IARSCRÍBHINN II

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh a bheidh freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Leis an gcur chuige maidir le conair, is féidir comhar éifeachtúil a bheith ann idir na príomhghníomhaithe i mbainistiú na dtionscadal trasteorann agus na dtionscadal náisiúnta araon a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus atá suite ar an gconair. Cuimsíonn na Conairí Iompair Eorpacha na modhanna iompair uile, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht leathan an chórais iompair Eorpaigh a bhaint amach. Dá bhrí sin, trí na Conairí Iompair Eorpacha a imscaradh, rannchuidítear go mór le spriocanna polaitiúla an Aontais maidir leis an aistriú iompair inbhuanaithe a bhaint amach agus le geilleagar na hEorpa a threisiú.

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt. Síneann an chonair seo ó chalafoirt na Mara Thuaidh sa Bheilg, san Ísiltír agus sa Ghearmáin go dtí an Pholainn. As sin, téann sí ó thuaidh tríd an Liotuáin, an Laitvia agus an Eastóin go Heilsincí agus Oulu san Fhionlainn agus Luleå sa tSualainn. Ó dheas, síneann an chonair ó Várs trí Lublin go Cív agus ó Katowice trí Lviv go Cív agus Mariupol san Úcráin. Cumhdaítear léi iarnróid, bóithre, aerfoirt, calafoirt, críochfoirt lasta ilmhódacha, uiscebhealaí intíre agus naisc a bhaineann leis an Spás Eorpach Muirí. Is é Rail Baltica, líne iarnróid leithid chaighdeánaigh Eorpach atá le tógáil idir Várs agus Taillinn, a nascfaidh Ríge agus Vilnias, ceann de na tionscadail is mó.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Is é is aidhm d'obair an Chomhordaitheora Eorpaigh forbairt fhoriomlán na conaire a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, treoróidh sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha laistigh d'Fhóram na Conaire agus tacóidh sé le hullmhú agus le cur chun feidhme ghníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán AE 2024/1679, ar bhonn pleananna oibre conaire dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T);

— i gcomhréir le hAirteagal 54 (1), agus le hAirteagal 54 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle le tíortha comharsanacha, atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh – Mhuir Bhailt;

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstát lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

([1]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit, agus, i gcás inarb iomchuí, do thíortha comharsanacha ábhartha, chun an plean oibre a chur chun feidhme;

— i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, Fóram na Conaire, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara bainistíochta bonneagair, a bhunú go foirmiúil agus cathaoirleacht a dhéanamh air. Tiocfaidh an fóram le chéile go rialta le linn do shainordaithe;

— rachaidh sé i gcomhairle le Fóram na Conaire maidir leis an bplean oibre agus an Fóram a chur ar an eolas go rialta maidir lena chur chun feidhme;

— nuair is gá, cuirfidh sé roinnt meithleacha bun agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, ar meithleacha iad a thuairiscíonn d'Fhóram na Conaire, i gcomhréir le hAirteagal 53(4) de Rialachán TEN-T;

— déanfaidh sé na misin uile is gá maidir leis na príomhchathracha, na réigiúin agus na nóid uirbeacha ábhartha atá suite ar an gconair iompair;

— déanfaidh sé obair leantach ar chur chun feidhme agus ar chomhordú an phlean oibre agus an ghnímh cur chun feidhme ón gCoimisiún atá bunaithe air sin chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme sonracha eile le haghaidh stráicí trasteorann i gcás inarb infheidhme;

— nuair is iomchuí rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— tuairisceoidh sé do na Ballstáit, don Chomhairle, do na tíortha comharsanacha atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh – Mhuir Bhailt, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún, chomh maith le haon eintiteas eile a bhfuil baint acu le Conair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt a fhorbairt, maidir le deacrachtaí a tháinig chun cinn agus maidir le réitigh atá beartaithe;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an rialachas lasta iarnróid chun tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint maidir le lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt, agus an tairbhe a sholáthraítear don ghréasán tras-Eorpach iompair agus na dátaí críochnaithe foriomlána mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1679 á gcur san áireamh, gan dochar d'inniúlacht an rialachais lasta iarnróid faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ná d'inniúlacht na mBallstát maidir le bonneagar a bhainistiú agus a mhaoiniú;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí lasta iarnróid, agus sainaithneoidh sé bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun cabhrú le tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint do línte paisinéirí iarnróid Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí paisinéirí iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar na gnéithe trasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun teagmhálacha agus comhordú a éascú, i gcás inarb ábhartha, idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre d'fhonn a sineirgí a mhéadú;

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/913/oj).

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail a mholann na Ballstáit, nó tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), an bhfuil na tionscadail sin comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí conaire, amhail Fóram na Conaire nó meithleacha;

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconair a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina gcomhaltaí de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlárasceidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh 3 000 EUR duit chun na costais a chumhdach a bhaineann le cúnamh rúnaíochta, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach (cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige) agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit, roimh ré, agus do chúram á chur chun feidhme agat, go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh Chonair Iompair Chríoch Lochlann – na Meánmhara

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Leis an gcur chuige maidir le conair, is féidir comhar éifeachtúil a bheith ann idir na príomhghníomhaithe i mbainistiú na dtionscadal trasteorann agus na dtionscadal náisiúnta araon a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus atá suite ar an gconair. Cuimsíonn na Conairí Iompair Eorpacha na modhanna iompair uile, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht leathan an chórais iompair Eorpaigh a bhaint amach. Dá bhrí sin, trí na Conairí Iompair Eorpacha a imscaradh, rannchuidítear go mór le spriocanna polaitiúla an Aontais maidir leis an aistriú iompair inbhuanaithe a bhaint amach agus le geilleagar na hEorpa a threisiú.

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh Chonair Iompair Eorpach Chríoch Lochlann – na Meánmhara. Síneann an chonair seo ó thuaisceart na Fionlainne, na Sualainne, agus na hIorua, tríd an Danmhairg, an Ghearmáin, agus an Ostair go dtí cósta na Meánmhara i nDeisceart na hIodáile agus níos faide ar aghaidh ar muir go Málta. Is iad na calafoirt mhóra agus na nóid líonra Stócólm, Heilsincí, Osló, Göteborg agus Cóbanhávan sa tuaisceart, Hamburg, Hannover, Beirlín, Leipzig, Frankfurt am Main, München agus Innsbruck sa lár agus ar deireadh Verona, Bologna, an Róimh, Napoli, La Spezia, Ancona, Livorno, Florence, Cagliari (Sardegna), Bari, Palermo (an tSicil) chomh maith le Valetta agus Marsaxlokk (tá an dá chathair sin suite i Málta) sa chuid theas den chonair. Cuimsítear ann iarnróid, bóithre, aerfoirt, calafoirt, críochfoirt lasta ilmhódacha agus codanna den Spás Muirí Eorpach (e.g. Lübeck/Rostock go Críoch Lochlann nó deisceart na hIodáile/an tSicil go Málta). Is iad na príomhthionscadail bhonneagair ar an gconair seo nasc seasta Fehmarnbelt agus buntollán Brenner.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Tá sé d'aidhm ag obair an Chomhordaitheora Eorpaigh forbairt fhoriomlán na conaire a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, treoróidh sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha laistigh d'Fhóram na Conaire agus tacóidh sé le hullmhú agus le cur chun feidhme ghníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán AE 2024/1679, ar bhonn pleananna oibre conaire dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar na cinn seo a leanas:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe Chonair Iompair Eorpach Chríoch Lochlann - na Meánmhara i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T);

— i gcomhréir le hAirteagal 54 (1), agus le hAirteagal 54 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle le tíortha comharsanacha, atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach Chríoch Lochlann - na Meánmhara;

([3]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chonair Iompair Eorpach Chríoch Lochlann - na Meánmhara; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

— tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit, agus, i gcás inarb iomchuí, do thíortha comharsanacha ábhartha, chun an plean oibre a chur chun feidhme;

— i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, Fóram na Conaire, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara bainistíochta bonneagair, a bhunú go foirmiúil agus cathaoirleacht a dhéanamh air. Tiocfaidh an fóram le chéile go rialta le linn do shainordaithe;

— rachaidh sé i gcomhairle le Fóram na Conaire maidir leis an bplean oibre agus an Fóram a chur ar an eolas go rialta maidir lena chur chun feidhme;

— nuair is gá, cuirfidh sé roinnt meithleacha ar bun agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, ar meithleacha iad a thuairisceoidh d'Fhóram na Conaire, i gcomhréir le hAirteagal 53(4) de Rialachán TEN-T;

— déanfaidh sé na misin uile is gá maidir leis na príomhchathracha, na réigiúin agus na nóid uirbeacha ábhartha atá suite ar an gconair iompair;

— déanfaidh sé obair leantach ar chur chun feidhme agus ar chomhordú an phlean oibre agus an ghnímh cur chun feidhme ón gCoimisiún atá bunaithe air sin chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme sonracha eile le haghaidh stráicí trasteorann i gcás inarb infheidhme;

— nuair is iomchuí rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— tuairisceoidh sé do na Ballstáit, don Chomhairle, do na tíortha comharsanacha atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach Chríoch Lochlann – na Meánmhara, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún, chomh maith le haon eintiteas eile a bhfuil baint acu le Conair Iompair Eorpach Chríoch Lochlann – na Meánmhara a fhorbairt, maidir le deacrachtaí a tháinig chun cinn agus maidir le réitigh atá beartaithe;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an rialachas lasta iarnróid chun tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint maidir le lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid Chonair Iompair Eorpach Chríoch Lochlann – na Meánmhara, agus an tairbhe a sholáthraítear don ghréasán tras-Eorpach iompair agus na dátaí críochnaithe foriomlána mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1679 á gcur san áireamh, gan dochar d'inniúlacht an rialachais lasta iarnróid faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ná d'inniúlacht na mBallstát maidir le bonneagar a bhainistiú agus a mhaoiniú;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí lasta iarnróid, agus sainaithneoidh sé bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun cabhrú le tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint do línte paisinéirí iarnróid Chonair Iompair Eorpach Chríoch Lochlann – na Meánmhara;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí paisinéirí iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar na gnéithe trasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun teagmhálacha agus comhordú a éascú, i gcás inarb ábhartha, idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre d'fhonn a sineirgí a mhéadú;

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010., lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/913/oj).

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail a mholann na Ballstáit, nó tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), an bhfuil na tionscadail sin comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí conaire, amhail Fóram na Conaire nó meithleacha;

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconair a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina gcomhaltaí de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlárasceidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh € 3 000 duit chun na costais a bhaineann le cúnamh rúnaíochta a chumhdach, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach, costais a bhaineann le cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige, agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit roimh ré go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin agus do chúram á chur chun feidhme agat.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh Chonair Iompair Eorpach an Atlantaigh

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5])maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Leis an gcur chuige maidir le conair, is féidir comhar éifeachtúil a bheith ann idir na príomhghníomhaithe i mbainistiú na dtionscadal trasteorann agus na dtionscadal náisiúnta araon a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus atá suite ar an gconair. Cuimsíonn na Conairí Iompair Eorpacha na modhanna iompair uile, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht leathan an chórais iompair Eorpaigh a bhaint amach. Dá bhrí sin, trí na Conairí Iompair Eorpacha a imscaradh, rannchuidítear go mór le spriocanna polaitiúla an Aontais maidir leis an aistriú iompair inbhuanaithe a bhaint amach agus le geilleagar na hEorpa a threisiú.

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh Chonair Iompair Eorpach an Atlantaigh. Nascann an chonair seo calafoirt na Spáinne agus na Portaingéile in Algeciras, Sines, Liospóin, Porto, A Coruña agus Bilbao trí iarthar na Fraince agus, le nasc ó Le Havre agus Rouen, go Páras agus níos faide soir go Strasbourg agus Mannheim sa Ghearmáin. Cumhdaítear leis iarnróid, bóithre, aerfoirt, calafoirt, críochfoirt lasta ilmhódacha, nóid uirbeacha agus an Seine, an Douro, Tagus agus Guadalquivir mar uiscebhealaí intíre. Príomhchuspóir is ea leas a bhaint as poitéinseal muirí aghaidh Atlantach an Aontais trí chomhtháthú módach feabhsaithe, lena gcuirtear feabhas ar idir-inoibritheacht iarnróid trí ERTMS agus caighdeáin eile an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) a imscaradh feadh na conaire ina hiomláine agus athrú leithid ar chaighdeán Aontas Idirnáisiúnta na nIarnród ar Leithinis na hIbéire. Tá na stráicí trasteorann idir an Phortaingéil agus an Spáinn agus idir an Spáinn agus an Fhrainc i measc na dtionscadal bonneagair a bhfuil an-tábhacht ag baint leo.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Is é is aidhm d'obair an Chomhordaitheora Eorpaigh forbairt fhoriomlán na conaire a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, treoróidh sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha laistigh d'Fhóram na Conaire agus tacóidh sé le hullmhú agus le cur chun feidhme ghníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2024/1679, ar bhonn pleananna oibre conaire dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar na cinn seo a leanas:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe Chonair Iompair Eorpach an Atlantaigh i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair TEN-T;

— i gcomhréir le hAirteagal 54 (1), agus le hAirteagal 54 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann, atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach an Atlantaigh;

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chonair Iompair Eorpach an Atlantaigh; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

([5]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— tacaíocht a thairiscint do na Ballstáit, chun an plean oibre a chur chun feidhme;

— i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, Fóram na Conaire, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara bainistíochta bonneagair, a bhunú go foirmiúil agus cathaoirleacht a dhéanamh air. Tiocfaidh an fóram le chéile go rialta le linn do shainordaithe;

— rachaidh sé i gcomhairle le Fóram na Conaire maidir leis an bplean oibre agus an Fóram a chur ar an eolas go rialta maidir lena chur chun feidhme;

— nuair is gá, cuirfidh sé roinnt meithleacha bun agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, ar meithleacha iad a thuairiscíonn d'Fhóram na Conaire, i gcomhréir le hAirteagal 53(4) de Rialachán TEN-T;

— déanfaidh sé na misin uile is gá maidir leis na príomhchathracha, na réigiúin agus na nóid uirbeacha ábhartha atá suite ar an gconair iompair;

— déanfaidh sé obair leantach ar chur chun feidhme agus ar chomhordú an phlean oibre agus an ghnímh cur chun feidhme ón gCoimisiún atá bunaithe air sin chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme sonracha eile le haghaidh stráicí trasteorann i gcás inarb infheidhme;

— nuair is iomchuí rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— tuairisceoidh sé do na Ballstáit, don Chomhairle, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún, chomh maith le haon eintiteas eile a bhfuil baint acu le Conair Iompair Eorpach an Atlantaigh a fhorbairt, maidir le deacrachtaí a tháinig chun cinn agus maidir le réitigh atá beartaithe;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an rialachas lasta iarnróid chun tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint maidir le lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid Chonair Iompair Eorpach an Atlantaigh, agus an tairbhe a sholáthraítear don ghréasán tras-Eorpach iompair agus na dátaí críochnaithe foriomlána mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1679 á gcur san áireamh, gan dochar d'inniúlacht an rialachais lasta iarnróid faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) ná d'inniúlacht na mBallstát maidir le bonneagar a bhainistiú agus a mhaoiniú;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí lasta iarnróid, agus sainaithneoidh sé bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— dul i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun cabhrú le tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint do línte paisinéirí iarnróid Chonair Iompair Eorpach an Atlantaigh;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí paisinéirí iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar na gnéithe trasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun teagmhálacha agus comhordú a éascú, i gcás inarb ábhartha, idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre d'fhonn a sineirgí a mhéadú;

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail a mholann na Ballstáit, nó tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), an bhfuil na tionscadail sin comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, p. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/913/oj).

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí conaire, amhail Fóram na Conaire nó meithleacha;

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconair a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina gcomhaltaí de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlárscéidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh 3 000 EUR duit chun na costais a bhaineann le cúnamh rúnaíochta a chumhdach, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach, costais a bhaineann le cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige, agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit roimh ré go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin agus do chúram á chur chun feidhme agat.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh – na Réine – na Meánmhara

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Leis an gcur chuige maidir le conair, is féidir comhar éifeachtúil a bheith ann idir na príomhghníomhaithe i mbainistiú na dtionscadal trasteorann agus na dtionscadal náisiúnta araon a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus atá suite ar an gconair. Cuimsíonn na Conairí Iompair Eorpacha na modhanna iompair uile, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht leathan an chórais iompair Eorpaigh a bhaint amach. Dá bhrí sin, trí na Conairí Iompair Eorpacha a imscaradh, rannchuidítear go mór le spriocanna polaitiúla an Aontais maidir leis an aistriú iompair inbhuanaithe a bhaint amach agus le geilleagar na hEorpa a threisiú.

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh-na Réine-na Meánmhara. Sa tuaisceart, nascann an chonair calafoirt na hÉireann i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i bhFaing agus soláthraíonn sí naisc iarnróid agus bóthair le teorainn na Ríochta Aontaithe. Tá na calafoirt sin nasctha leis an gcuid ilchríochach den Aontas trí na naisc a bhaineann leis an Spás Muirí Eorpach, a cheanglaíonn le calafoirt Amstardam, Rotterdam, Vlissingen, Antuairp, Ghent agus Zeebrugge san Ísiltír agus sa Bheilg. Níos faide ó dheas, téann an chonair tríd an mBruiséil, Liege agus Lucsamburg, ag síneadh go críoch na Fraince (Calais agus Le Havre) agus chomh fada le calafoirt Marseille agus Fos-sur-Mer trí Metz, Páras, Dijon agus Lyon. Sa Ghearmáin, soláthraíonn an chonair naisc bhreise le limistéar Ruhr chomh maith le Köln, Frankfurt agus Karlsruhe, ag dul ar aghaidh go Strasbourg sa Fhrainc, ag dul isteach san Eilvéis in Basel, áit a scoilteann sí ina dhá brainse trí Bern agus Chiasso chun an Iodáil a bhaint amach áit a dtéann sí trí Novara agus Alessandria agus Milan chun calafort Genova a bhaint amach sa Mheánmhuir. Cumhdaítear léi iarnróid, bóithre, uiscebhealaí intíre, aerfoirt, calafoirt, críochfoirt lasta ilmhódacha. Is iad na príomhthionscadail nasc uiscebhealaí intíre Seine-Scheldt a chuimsíonn an Fhrainc agus an Bheilg, agus tionscadal iarnróid EuroCap a bhfuil baint ag an bhFrainc, an Bheilg agus Lucsamburg leis.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Tá sé d'aidhm ag obair an Chomhordaitheora Eorpaigh forbairt fhoriomlán na conaire a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, treoróidh sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha laistigh d'Fhóram na Conaire agus tacóidh sé le hullmhú agus le cur chun feidhme ghníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2024/1679, ar bhonn pleananna oibre conaire dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar na cinn seo a leanas:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - na Réine - na Meánmara i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T);

— i gcomhréir le hAirteagal 54.(1), agus le hAirteagal 54.(2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle le tíortha comharsanacha, atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh-na Réine-na Meánmhara;

([7]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh-na Réine-na Meánmhara; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

— tacaíocht a thairiscint do na Ballstáit, agus, i gcás inarb iomchuí, do thíortha comharsanacha ábhartha, chun an plean oibre a chur chun feidhme;

— i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, Fóram na Conaire, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara bainistíochta bonneagair, a bhunú go foirmiúil agus cathaoirleacht a dhéanamh air. Tiocfaidh an fóram le chéile go rialta le linn do shainordaithe;

— rachaidh sé i gcomhairle le Fóram na Conaire maidir leis an bplean oibre agus an Fóram a chur ar an eolas go rialta maidir lena chur chun feidhme;

— nuair is gá, cuirfidh sé roinnt meithleacha bun agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, ar meithleacha iad a thuairiscíonn d'Fhóram na Conaire, i gcomhréir le hAirteagal 53(4) de Rialachán TEN-T;

— déanfaidh sé na misin uile is gá maidir leis na príomhchathracha, na réigiúin agus na nóid uirbeacha ábhartha atá suite ar an gconair iompair;

— déanfaidh sé obair leantach ar chur chun feidhme agus ar chomhordú an phlean oibre agus an ghnímh cur chun feidhme ón gCoimisiún atá bunaithe air sin chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme sonracha eile le haghaidh stráicí trasteorann i gcás inarb infheidhme;

— nuair is iomchuí rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— tuairisciú do na Ballstáit, don Chomhairle, do na tíortha comharsanacha atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - na Réine - na Meánmhara, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún, chomh maith le haon eintiteas eile a bhfuil baint acu le Conair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - na Réine - na Meánmhara a fhorbairt, maidir le deacrachtaí a tháinig chun cinn agus maidir le réitigh atá beartaithe;

— dul i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an rialachas lasta iarnróid chun tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint maidir le lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - na Réine - na Meánmhara, agus an tairbhe a sholáthraítear don ghréasán tras-Eorpach iompair agus na dátaí críochnaithe foriomlána mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1679 á gcur san áireamh, gan dochar d'inniúlacht an rialachais lasta iarnróid faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) ná d'inniúlacht na mBallstát maidir le bonneagar a bhainistiú agus a mhaoiniú;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí lasta iarnróid, agus sainaithneoidh sé bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun cabhrú le tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint do línte paisinéirí iarnróid Chonair Iompair Eorpach na Mara Thuaidh - na Réine - na Meánmhara;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí paisinéirí iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar na gnéithe trasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun teagmhálacha agus comhordú a éascú, i gcás inarb ábhartha, idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre d'fhonn a sineirgí a mhéadú;

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/913/oj).

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail a mholann na Ballstáit, nó tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), an bhfuil na tionscadail sin comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí conaire, amhail Fóram na Conaire nó meithleacha;

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconair a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina gcomhaltaí de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlárasceidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh 3 000 EUR duit chun na costais a bhaineann le cúnamh rúnaíochta a chumhdach, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach, costais a bhaineann le cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige, agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit roimh ré go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin agus do chúram á chur chun feidhme agat.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Leis an gcur chuige maidir le conair, is féidir comhar éifeachtúil a bheith ann idir na príomhghníomhaithe i mbainistiú na dtionscadal trasteorann agus na dtionscadal náisiúnta araon a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus atá suite ar an gconair. Cuimsíonn na Conairí Iompair Eorpacha na modhanna iompair uile, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht leathan an chórais iompair Eorpaigh a bhaint amach. Dá bhrí sin, trí na Conairí Iompair Eorpacha a imscaradh, rannchuidítear go mór le spriocanna polaitiúla an Aontais maidir leis an aistriú iompair inbhuanaithe a bhaint amach agus le geilleagar na hEorpa a threisiú.

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara. Nascann an chonair seo calafoirt na Spáinne Algeciras, Cartagena, Valencia, Castellòn, Tarragona agus Barcelona le Maidrid agus feadh chósta na Meánmhara trí dheisceart na Fraince-Marseille agus Nice go dtí an Iodáil, Genoa agus La Spezia. Téann sí ó Marseille go Lyon trasna na nAlp agus thuaisceart na hIodáile trí Torino, Milano, Verona, Bologna, Padova, Veinéis agus Trieste. Nascann sí freisin le Liúibleána agus craobh tríd an gCróit (Rijeka, Ságrab), le Búdaipeist agus le Lviv san Úcráin. Cumhdaítear léi iarnróid agus bóithre, aerfoirt, calafoirt, críochfoirt lasta ilmhódacha agus, i dTuaisceart na hIodáile, uiscebhealach intíre abhainn Po freisin. Is iad na príomhthionscadail an t-athrú leithid go caighdeán an Aontais Idirnáisiúnta Iarnróid sa Spáinn, ar bhuntollán iarnróid Lyon – Torino agus ar nuachóiriú foriomlán an bhonneagair iarnróid sa chuid thoir den chonair.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Is é is aidhm d'obair an Chomhordaitheora Eorpaigh forbairt fhoriomlán na conaire a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, treoróidh sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha laistigh d'Fhóram na Conaire agus tacóidh sé le hullmhú agus le cur chun feidhme ghníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán AE 2024/1679, ar bhonn pleananna oibre conaire dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar na cinn seo a leanas:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T);

— i gcomhréir le hAirteagal 54 (1), agus le hAirteagal 54 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle le tíortha comharsanacha, atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara;

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

([9]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— tacaíocht a thairiscint do na Ballstáit, agus, i gcás inarb iomchuí, do thíortha comharsanacha ábhartha chun an plean oibre a chur chun feidhme;

— i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, Fóram na Conaire, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara bainistíochta bonneagair, a bhunú go foirmiúil agus cathaoirleacht a dhéanamh air. Tiocfaidh an fóram le chéile go rialta le linn do shainordaithe;

— rachaidh sé i gcomhairle le Fóram na Conaire maidir leis an bplean oibre agus an Fóram a chur ar an eolas go rialta maidir lena chur chun feidhme;

— nuair is gá, cuirfidh sé roinnt meithleacha ar bun agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, ar meithleacha iad a thuairiscíonn d'Fhóram na Conaire; i gcomhréir le hAirteagal 53(4) de Rialachán TENT-T;

— déanfaidh sé na misin uile is gá maidir leis na príomhchathracha, na réigiúin agus na nóid uirbeacha ábhartha atá suite ar an gconair iompair;

— déanfaidh sé obair leantach ar chur chun feidhme agus ar chomhordú an phlean oibre agus an ghnímh cur chun feidhme ón gCoimisiún atá bunaithe air sin chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme sonracha eile le haghaidh stráicí trasteorann i gcás inarb infheidhme;

— nuair is iomchuí rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— tuairisciú do na Ballstáit, don Chomhairle, do na tíortha comharsanacha atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún, chomh maith le haon eintiteas eile a bhfuil baint acu le Conair Iompair Eorpach na Meánmhara a fhorbairt, maidir le deacrachtaí a tháinig chun cinn agus maidir le réitigh atá beartaithe;

— dul i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an rialachas lasta iarnróid chun tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint maidir le lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara, agus an tairbhe a sholáthraítear don ghréasán tras-Eorpach iompair agus na dátaí críochnaithe foriomlána mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1679 á gcur san áireamh, gan dochar d'inniúlacht an rialachais lasta iarnróid faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) ná d'inniúlacht na mBallstát maidir le bonneagar a bhainistiú agus a mhaoiniú;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí lasta iarnróid, agus sainaithneoidh sé bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— dul i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun cabhrú le tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint do línte paisinéirí iarnróid Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí paisinéirí iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar na gnéithe trasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun teagmhálacha agus comhordú a éascú, i gcás inarb ábhartha, idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre d'fhonn a sineirgí a mhéadú;

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail a mholann na Ballstáit, nó tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), an bhfuil na tionscadail sin comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí conaire, amhail Fóram na Conaire nó meithleacha;

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/913/oj).

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconair a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina gcomhaltaí de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlárscéidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh 3 000 EUR duit chun na costais a bhaineann le cúnamh rúnaíochta a chumhdach, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach, costais a bhaineann le cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige, agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit roimh ré go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin agus do chúram á chur chun feidhme agat.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh Chonair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Leis an gcur chuige maidir le conair, is féidir comhar éifeachtúil a bheith ann idir na príomhghníomhaithe i mbainistiú na dtionscadal trasteorann agus na dtionscadal náisiúnta araon a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus atá suite ar an gconair. Cuimsíonn na Conairí Iompair Eorpacha na modhanna iompair uile, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht leathan an chórais iompair Eorpaigh a bhaint amach. Dá bhrí sin, trí na Conairí Iompair Eorpacha a imscaradh, rannchuidítear go mór le spriocanna polaitiúla an Aontais maidir leis an aistriú iompair inbhuanaithe a bhaint amach agus le geilleagar na hEorpa a threisiú.

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh Chonair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad. Síneann an chonair seo sa tuaisceart ó chalafoirt na Polainne Gdańsk agus Gdynia chomh maith le Szczecin agus Świnoujście agus cathair Biała Podlaska trí Kłodzko, Kraków agus réigiún Katowice go Brno i bPoblacht na Seice agus sa Bhratasláiv sa tSlóvaic. Síneann sí níos faide go Vín san Ostair agus i mBúdaipeist san Ungáir agus críochnaíonn a chraobh thoir i gcalafort Koper na Slóivéine agus i gcalafoirt Rijeka agus Split na Cróite. Nascann an ais thiar san Iodáil cathair Bologna agus soláthraíonn sí naisc le calafoirt Trieste, na Veinéise, Ravenna, agus Bari. Cumhdaítear le Conair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad iarnróid, bóithre, aerfoirt, calafoirt agus críochfoirt lasta ilmhódacha. Is iad na príomhthionscadail Semmering buntollán san Ostair agus na línte ardluais sa Pholainn, i bPoblacht na Seice, sa tSlóvaic agus san Ungáir.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Is é is aidhm d'obair an Chomhordaitheora Eorpaigh forbairt fhoriomlán na conaire a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, treoróidh sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha laistigh d'Fhóram na Conaire agus tacóidh sé le hullmhú agus le cur chun feidhme ghníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán AE 2024/1679, ar bhonn pleananna oibre conaire dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar na cinn seo a leanas:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe Chonair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T);

— i gcomhréir le hAirteagal 54 (1), agus le hAirteagal 54 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann, atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad;

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chonair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

([11]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— tacaíocht a thairiscint do na Ballstáit, chun an plean oibre a chur chun feidhme;

— i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, Fóram na Conaire, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara bainistíochta bonneagair, a bhunú go foirmiúil agus cathaoirleacht a dhéanamh air. Tiocfaidh an fóram le chéile go rialta le linn do shainordaithe;

— rachaidh sé i gcomhairle le Fóram na Conaire maidir leis an bplean oibre agus an Fóram a chur ar an eolas go rialta maidir lena chur chun feidhme;

— nuair is gá, cuirfidh sé roinnt meithleacha ar bun agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, ar meithleacha iad a thuairiscíonn d'Fhóram na Conaire; i gcomhréir le hAirteagal 53(4) de Rialachán TENT-T;

— déanfaidh sé na misin uile is gá maidir leis na príomhchathracha, na réigiúin agus na nóid uirbeacha ábhartha atá suite ar an gconair iompair;

— déanfaidh sé obair leantach ar chur chun feidhme agus ar chomhordú an phlean oibre agus an ghnímh cur chun feidhme ón gCoimisiún atá bunaithe air sin chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme sonracha eile le haghaidh stráicí trasteorann i gcás inarb infheidhme;

— nuair is iomchuí rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— tuairisciú do na Ballstáit, don Chomhairle, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún, chomh maith le haon eintiteas eile a bhfuil baint acu le Conair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad a fhorbairt, maidir le deacrachtaí a tháinig chun cinn agus maidir le réitigh atá beartaithe;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an rialachas lasta iarnróid chun tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint maidir le lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid Chonair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad, agus an tairbhe a sholáthraítear don ghréasán tras-Eorpach iompair agus na dátaí críochnaithe foriomlána mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1679 á gcur san áireamh; gan dochar d'inniúlacht an rialachais lasta iarnróid faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus d'inniúlacht na mBallstát maidir le bonneagar a bhainistiú agus a mhaoiniú;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí lasta iarnróid, agus sainaithneoidh sé bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun cabhrú le tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint do línte paisinéirí iarnróid Chonair Iompair Eorpach Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí paisinéirí iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar na gnéithe trasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun teagmhálacha agus comhordú a éascú, i gcás inarb ábhartha, idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre d'fhonn a sineirgí a mhéadú;

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail a mholann na Ballstáit, nó tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), an bhfuil na tionscadail sin comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí conaire, amhail Fóram na Conaire nó meithleacha;

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/913/oj).

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconair a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina gcomhaltaí de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

— Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlársceidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh 3 000 EUR duit chun na costais a bhaineann le cúnamh rúnaíochta a chumhdach, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach, costais a bhaineann le cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige, agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit roimh ré go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin agus do chúram á chur chun feidhme agat.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh Chonair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Leis an gcur chuige maidir le conair, is féidir comhar éifeachtúil a bheith ann idir na príomhghníomhaithe i mbainistiú na dtionscadal trasteorann agus na dtionscadal náisiúnta araon a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus atá suite ar an gconair. Cuimsíonn na Conairí Iompair Eorpacha na modhanna iompair uile, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht leathan an chórais iompair Eorpaigh a bhaint amach. Dá bhrí sin, trí na Conairí Iompair Eorpacha a imscaradh, rannchuidítear go mór le spriocanna polaitiúla an Aontais maidir leis an aistriú iompair inbhuanaithe a bhaint amach agus le geilleagar na hEorpa a threisiú.

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh Chonair Iompair na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir agus na hEorpa. Tosaíonn an chonair seo le dhá chraobh chomhthreomhara san Ostair (ó Salzburg agus Linz), ag dul soir ó dheas i dtreo thír chomharsanach na Slóivéine áit a dtagann an dá chraobh le chéile i Liúibleána (an tSlóivéin) agus téann siad ar aghaidh i dtreo theorainn na Cróite ag dul trí Shágrab, sula nascann siad le tíortha na mBalcán Thiar sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus sa tSeirbia. Téann príomhbhealach na conaire ar aghaidh soir ó dheas i dtreo Bhéalgrád, agus tá gabhal sa bhealach ina dhiaidh sin i dtreo Pristina agus Niš sula dtéann sé ar ais i Scóipé (an Mhacadóin Thuaidh). Síneann craobh thuaidh eile go Búdaipeist san Ungáir ón tSeirbia. Tá roinnt craobhacha thiar ann a sholáthraíonn naisc le calafoirt Mhuir Aidriad, is é sin Trieste, Koper, Rijeka, Ploče (tríd an mBoisnia agus an Heirseagaivéin), Bar agus Durres (tríd an tSeirbia agus Montainéagró). Téann an chraobh lárnach ar aghaidh ó dheas tríd an Macadóin Thuaidh chun nascadh le calafoirt na Gréige Igoumenitsa, Patra agus Pireas. Críochnaíonn an chonair sa Chipir faoi dheireadh (nasc muirí). Go háirithe, tá nasc idir an t-iarthar agus an t-oirthear sa chonair freisin, ag tosú ó Durres san Albáin go Svilengrad (triantán teorann) trí Shóifia.

Tá Conair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar – na Meánmhara Thoir comhdhéanta den chuid is mó d'iarnróid, bóithre, aerfoirt, calafoirt mhuirí agus intíre, críochfoirt lasta ilmhódacha, chomh maith le roinnt nóid uirbeacha shainaitheanta. Níl aon uiscebhealach intíre sa chonair seo. Is í an Chipir an eisceacht is mó, áit nach n-úsáidtear aon bhonneagar iarnróid.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Is é is aidhm d'obair an Chomhordaitheora Eorpaigh forbairt fhoriomlán na conaire a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, treoróidh sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha laistigh d'Fhóram na Conaire agus tacóidh sé le hullmhú agus le cur chun feidhme ghníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2024/1679, ar bhonn pleananna oibre conaire dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar na cinn seo a leanas:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe Chonair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T);

([13]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— i gcomhréir le hAirteagal 54.(1), agus le hAirteagal 54.(2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhairle le tíortha comharsanacha, atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir;

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chonair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

— tacaíocht a thairiscint do na Ballstáit, agus, i gcás inarb iomchuí agus ábhartha, do thíortha comharsanacha chun an plean oibre a chur chun feidhme;

— i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679, Fóram na Conaire, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara bainistíochta bonneagair, a bhunú go foirmiúil agus cathaoirleacht a dhéanamh air. Tiocfaidh an fóram le chéile go rialta le linn do shainordaithe;

— rachaidh sé i gcomhairle le Fóram na Conaire maidir leis an bplean oibre agus an Fóram a chur ar an eolas go rialta maidir lena chur chun feidhme;

— nuair is gá, cuirfidh sé roinnt meithleacha ar bun agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, ar meithleacha iad a thuairiscíonn d'Fhóram na Conaire; i gcomhréir le hAirteagal 53(4) de Rialachán TENT-T;

— déanfaidh sé na misin uile is gá maidir leis na príomhchathracha, na réigiúin agus na nóid uirbeacha ábhartha atá suite ar an gconair iompair;

— déanfaidh sé obair leantach ar chur chun feidhme agus ar chomhordú an phlean oibre agus an ghnímh cur chun feidhme ón gCoimisiún atá bunaithe air sin chomh maith le gníomhartha cur chun feidhme sonracha eile le haghaidh stráicí trasteorann i gcás inarb infheidhme;

— nuair is iomchuí rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— tuairisceoidh sé do na Ballstáit, don Chomhairle, do na tíortha comharsanacha atá mar chuid de Chonair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún, chomh maith le haon eintiteas eile a bhfuil baint acu le Conair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir a fhorbairt, maidir le deacrachtaí a tháinig chun cinn agus maidir le réitigh atá beartaithe;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an rialachas lasta iarnróid chun tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint maidir le lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid Chonair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir, agus an tairbhe a sholáthraítear don ghréasán tras-Eorpach iompair agus na dátaí críochnaithe foriomlána mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1679 á gcur san áireamh, gan dochar d'inniúlacht an rialachais lasta iarnróid faoi Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) ná d'inniúlacht na mBallstát maidir le bonneagar a bhainistiú agus a mhaoiniú;

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí lasta iarnróid, agus sainaithneoidh sé bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun cabhrú le tosaíochtaí agus riachtanais infheistíochta a shainaithint do línte paisinéirí iarnróid Chonair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar - na Meánmhara Thoir;

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22, ELI: ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/913/oj).

— déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí paisinéirí iarnróid, agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, amhail bacainní teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla, agus béim ar leith á leagan ar na gnéithe trasteorann, agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, i gcás inarb ábhartha;

— rachaidh sé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann chun teagmhálacha agus comhordú a éascú, i gcás inarb ábhartha, idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre d'fhonn a sineirgí a mhéadú;

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail a mholann na Ballstáit, nó tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), an bhfuil na tionscadail sin comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí conaire, amhail Fóram na Conaire nó meithleacha;

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconair a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina gcomhaltaí de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlársceidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh 3 000 EUR duit chun na costais a bhaineann le cúnamh rúnaíochta a chumhdach, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach, costais a bhaineann le cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige, agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit roimh ré go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin agus do chúram á chur chun feidhme agat.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh ERTMS

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh idir-inoibritheacht iarnróid, go háirithe ERTMS ar an ngréasán tras-Eorpach iompair. Dírítear leis an tosaíocht chothrománach sin ar imscaradh tráthúil ERTMS lena n-áirithítear idir-inoibritheacht thar theorainneacha chun seirbhísí paisinéirí agus lasta a cheadú.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Tá sé d'aidhm ag obair an Chomhordaitheora Eorpaigh le haghaidh ERTMS forbairt agus imscaradh ERTMS a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe i ndáil le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha a threorú chomh maith le tacú le hullmhú agus le cur chun feidhme an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2024/1679, ar bhonn plean oibre dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar na cinn seo a leanas:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe ERTMS, i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T);

— i gcomhréir le hAirteagal 54.(1), agus le hAirteagal 54.(2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann;

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme ERTMS; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

— comhairle a thabhairt do na naoi gComhordaitheoir atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha in ábhair a bhaineann le cur chun feidhme comhleanúnach ERTMS ar fud an ghréasáin uile;

— rannchuidiú le plean imscartha Eorpach a fhorbairt agus a chur chun feidhme, plean atá le glacadh trí bhíthin gnímh cur chun feidhme faoi Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2024/1679, lena n-áirítear maoiniú féideartha agus aon riosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chur chun feidhme;

— rannchuidiú le cineálacha cur chuige modheolaíochta iomchuí a fhorbairt chun na ceanglais maidir le cur chun feidhme ERTMS a bhunú i gcomhréir leis na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht (STI) a bhaineann le fochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais thras-Eorpaigh iarnróid a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún; ([16])

([15]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

([16]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32023R1695).

— rachaidh sé i gcomhairle go rialta leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann chun na tosca uile a bhaineann le forbairt ERTMS agus na féidearthachtaí maidir le maoiniú a shainaithint. Áirítear leis sin fóram comhchomhairleach tiomnaithe ERTMS a bhunú agus cathaoirleacht a dhéanamh air, i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus comhar le hionadaithe ERTMS arna gceapadh go náisiúnta a bhfuil baint acu le himscaradh ERTMS a chomhordú, agus nuair is gá, meithleacha *ad hoc* a shocrú laistigh den fhóram sin;

— rachaidh sé i gcomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa;

— na misin uile is gá a dhéanamh maidir leis na Ballstáit, na réigiúin agus na príomhscrogaill agus na príomhnóid ábhartha;

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail arna mbeartú ag na Ballstáit, nó ag tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

— rachaidh sé i gcomhairle, nuair is iomchuí, le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach sna gníomhaíochtaí amhail Fóram comhchomhairleach ERTMS nó meithleacha;

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le ERTMS a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina mbaill de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlárasceidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh 3 000 EUR duit chun na costais a bhaineann le cúnamh rúnaíochta a chumhdach, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach, costais a bhaineann le cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige, agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit roimh ré go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin agus do chúram á chur chun feidhme agat.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.

Litir shainordaithe don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh An Spás Muirí Eorpach

Le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]) maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, déantar foráil maidir le Comhordaitheoirí Eorpacha a cheapadh atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha agus na tosaíochtaí cothrománacha a chur chun feidhme: an Spás Muirí Eorpach agus an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Tá freagracht glactha agat mar Chomhordaitheoir le haghaidh an Spáis Mhuirí Eorpaigh ort féin. Dírítear leis an tosaíocht chothrománach sin ar Spás Muirí Eorpach atá fíor-inbhuanaithe, cliste, saoráideach agus athléimneach a imscaradh, ar Spás é is féidir a chomhtháthú go hiomlán i slabhra iompair ó dhoras go doras ar an ngréasán tras-Eorpach iompair.

Tá an Coimisiún cinnte go mbeidh do thacaíocht, a bhfuil sé ag brath go mór uirthi, ríthábhachtach chun go mbeidh rath leanúnach ar na Conairí Iompair Eorpacha agus ar na tosaíochtaí cothrománacha.

Misean

Tá sé d'aidhm ag obair an Chomhordaitheora Eorpaigh le haghaidh an Spáis Mhuirí Eorpaigh forbairt agus cur chun feidhme foriomlán na tosaíochta cothrománaí sin a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais trí ghníomhaíochtaí comhordaithe spriocdhírithe, go háirithe maidir le hinfheistíocht tionscadail (oibreacha a shioncrónú, cistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a leithdháileadh) agus, de réir mar is iomchuí, gníomhaíochtaí sonracha eile chun cruthú nó uasghrádú bealaí loingseoireachta gearrthurais a chur chun cinn agus calafoirt mhuirí agus a naisc chúlchríche a fhorbairt chun comhtháthú éifeachtúil agus inbhuanaithe le modhanna eile iompair a áirithiú. Chun na críche sin, éascóidh an Comhordaitheoir comhar idir na Ballstáit lena mbaineann, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha a threorú chomh maith le tacú le hullmhú agus le cur chun feidhme an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2024/1679, ar bhonn plean oibre dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.

Sna dualgais a bheidh ort, dualgais a eascraíonn as na cinn a leagtar síos in Airteagal 52 (5), (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2024/1679, áireofar na cinn seo a leanas:

— anailís a dhéanamh ar staid an chomhlíonta agus tacú le cur chun feidhme comhordaithe an Spáis Mhuirí Eorpaigh, i gcomhréir le caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T);

— i gcomhréir le hAirteagal 54.(1), agus le hAirteagal 54.(2) de Rialachán (AE) 2024/1679, plean oibre a tharraingt suas, faoin 19 Iúil 2026 ar a dhéanaí agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann;

— tuarascáil stádais bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na mBallstáit lena mbaineann faoin dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Spáis Mhuirí Eorpaigh; díreofar sa tuarascáil stádais bhliantúil sin ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar an gcineál fadhbanna a tháinig chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh;

— I gcomhréir le hAirteagal 55, rannchuidiú le gníomh cur chun feidhme a fhorbairt le haghaidh an Spáis Mhuirí Eorpaigh.

— maoirseacht a dhéanamh ar an anailís agus ar na staidéir is gá atá á ndéanamh le haghaidh gach Conaire Iompair Eorpaigh agus na staidéir sin a chomhtháthú i bplean oibre comhleanúnach le haghaidh an Spáis Mhuirí Eorpaigh;

— comhairle a thabhairt do na naoi gComhordaitheoir atá freagrach as na Conairí Iompair Eorpacha in ábhair a bhaineann le Spás Muirí Eorpach agus le cur chun feidhme comhleanúnach ar fud an ghréasáin uile a áirithiú;

([17]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

— dul i gcomhair le go rialta leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann chun na tosca uile a bhaineann le forbairt an Spáis Mhuirí Eorpaigh a shainaithint, na féidearthachtaí maidir le hinfheistíochtaí a mheastar a bheith riachtanach a chistiú agus na modhanna chun rochtain a fháil ar chistiú den sórt sin. Áirítear leis sin fóram comhchomhairleach tiomnaithe maidir leis an Spás Muirí Eorpach a bhunú agus cathaoirleacht a dhéanamh air, i gcomhréir le hAirteagal 53 (2) de Rialachán (AE) 2024/1679 agus nuair is gá, meithleacha *ad hoc* a shocrú laistigh den fhóram sin;

— rachaidh sé i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí;

— na misin uile is gá a dhéanamh maidir leis na príomhchathracha, na réigiúin agus príomhchalafoirt a bhaineann leis an Spás Muirí Eorpach;

— obair leantach a dhéanamh ar roghnú agus ar chur chun feidhme na dtionscadal arna ndéanamh ar an Spás Muirí Eorpach, i ndlúthchomhar leis an gconraitheoir roghnaithe;

— fíoróidh sé an bhfuil tionscadail arna mbeartú ag na Ballstáit, nó ag tíortha comharsanacha, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cómhaoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre;

— rachaidh sé i gcomhairle, nuair is iomchuí, le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme;

— rachaidh sé i gcomhar le tíortha comharsanacha agus iad a spreagadh a bheith páirteach sna gníomhaíochtaí amhail Fóram comhchomhairleach maidir leis an Spás Muirí Eorpach nó meithleacha;

— rachaidh sé i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Spás Muirí Eorpach a shíneann go tíortha comharsanacha atá ina mbaill de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.

Dá bhrí sin, beidh do chúram mar Chomhordaitheoir an-éagsúil agus beidh sé an-tábhachtach don Aontas agus don tionscadal foriomlán i gcomhthéacs chlárasceidealú an chistithe agus an idirphlé pholaitiúil leis na Ballstáit chun a chur ar chumas na mBallstát aon deacracht a bhaineann leis na tionscadail bhonneagair éagsúla a chur i gcrích a shárú.

Rialacha agus nósanna imeachta

Beidh an cúram mar Chomhordaitheoir Eorpach ort ar feadh tréimhse 4 bliana ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus féadfar é a athnuachan trí chomhaontú frithpháirteach.

Féadfaidh an Coimisiún tréimhse do shainordaithe a athrú tráth ar bith ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin duit. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart deireadh a chur le do shainordú tráth ar bith.

Agus do chuid cúraimí á gcomhlíonadh agat, ní dhéanfaidh tú gealltanais thar ceann an Choimisiúin gan comhaontú i scríbhinn a fháil uaidh roimh ré. Dá réir sin, gníomhóidh tú go neamhchlaonta, ar bhealach neamhspleách agus rúnda agus cuirfidh tú do chuid eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla i bhfeidhm chomh maith agus is féidir leat chun leas an Aontais agus chun a leasa sin amháin.

Seachnóidh tú aon chás a mbeadh coinbhleacht leasa mar thoradh air maidir leis na réimsí ina n-iarrtar ort idirghabháil a dhéanamh. Cuirfidh tú an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon choinbhleacht leasa a thiocfaidh chun cinn le linn do théarma oifige.

Ina theannta sin, ní úsáidfidh tú ná ní sceithfidh tú aon doiciméad ná faisnéis a gheobhaidh tú le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh, mura bhfuil an fhaisnéis sin san fhearann poiblí cheana. Beidh na torthaí uile a chuirfidh tú ar fáil faoi úinéireacht an Aontais, agus féadfaidh an tAontas iad a úsáid nó iad a fhoilsiú de réir mar is cuí leis.

Agus do chúram á chomhlíonadh agat, deonófar liúntas míosúil ar ráta comhréidh 3 000 EUR duit chun na costais a bhaineann le cúnamh rúnaíochta a chumhdach, i gcás nach soláthraíonn seirbhísí an Choimisiúin é go díreach, costais a bhaineann le cumarsáid, troscán oifige éagsúil, spás oifige, agus costais a bhaineann le hionadaíocht ar mhisin taistil i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

Is é an Stiúrthóir um Infheistíocht, Iompar Nuálach agus Inbhuanaithe an duine teagmhála a bheidh agat in Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú duit roimh ré go mbeidh lántacaíocht agat ón Stiúrthóir agus ó na baill foirne a bheidh ainmnithe chun cabhrú leat ar bhonn laethúil maidir le cúrsaí teicniúla agus riaracháin agus do chúram á chur chun feidhme agat.

Eagróidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair cruinnithe rialta idir na Comhordaitheoirí Eorpacha chun gur féidir faisnéis agus taithí a chomhroinnt.

Beidh dlínse eisiach ag cúirteanna na Beilge i leith aon díospóid a bhaineann le bailíocht, cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chonartha seo. Rialaítear an conradh seo le dlí na Beilge.